3. I gcás go dtabharfar freagra diúltach ar Cheist 1:

   An bhfuil an oibleagáid ar sholáthróirí agus déileálaithe táirgí dá bhfuil lipéadú fuinnimh ábhartha an aicme éifeachtúlachta fuinnimh agus réimse na n-aicmí éifeachtúlachta fuinnimh a léiriú ina bhfógraíocht curtha ar fionraí ina hiomláine go dtí go dtagann na gníomhartha tarmlighte nua i bhfeidhm?

(1) Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 4 Iúil 2017 lena leagtar amach creat i gcomhair lipéadú fuinnimh agus lena n-aisghairtear Treoir 2010/30/AE (IO 2017 L 198, lch. 1).

---

**Iarraidh ar réamhrialú ón Satversmes tiesa (an Laitvia) an 12 Nollaig 2022 — 1Dream OÜ, DS, DL, VS, JG v Latvijas Republikas Saeima**

**(Cás C-767/22)**

(2023/C 94/25)

*Teanga an cháis: an Laitvis*

**An chúirt a rinne an tarchur**

Satversmes tiesa

**Páirtithe sna príomhimeachtaí**

*Iarratasóirí os comhair na Cúirte Bunreachtúla:* 1Dream OÜ, DS, DL, VS, JG

*Cosantóir:* Latvijas Republikas Saeima

**Na ceisteanna a tharchuirtear**

1) An gcuimsítear faoi raon feidhme Threoir 2014/42, [1] go háirithe Airteagal 4 de, agus faoi raon feidhme Chinneadh Réime 2005/212, [2] go háirithe Airteagal 2 de, reachtaíocht náisiúnta ar dá réir a dtugann cúirt náisiúnta breith maidir le fáltais ón gcoireacht a choigistiú in imeachtaí ar leithligh a bhaineann le maoin a fuarthas go mídhleathach, atá scartha ó na príomhimeachtaí coiriúla, sula gcruthaítear go ndearnadh cion coiriúil agus sula gciontaítear aon duine i leith an chiona sin, agus lena bhforáiltear freisin do choigistiú atá bunaithe ar ábhar a fuarthas ó chomhad an cháis choiriúil?

2) I gcás go dtugtar freagra dearfach ar an gcéad cheist, an gcaithfear a mheas go bhfuil an reachtaíocht maidir le rochtain ar ábhar i gcomhad an cháis in imeachtaí a bhaineann le maoin a fuarthas go mídhleathach i gcomhréir leis an gceart chun triail chóir a fháil a leagtar síos in Airteagal 47 den Chairt agus in Airteagal 8(1) de Threoir 2014/42?

3) An gcaithfear prionsabal thosaíocht dhlí an Aontais a léiriú sa chaoi go gcoisctear leis ar chúirt bhunreachtúil Ballstáit, a bhfuil caingean os a comhair maidir le bunreachtúlacht reachtaíochta náisiúnta arna dearbhú a bheith ar neamhréir le dlí an Aontais, a rialú go bhfuil feidhm ag prionsabal na deimhneachta dlíthiúla agus nach mór éifeachtaí dlí na reachtaíochta sin a choinneáil ar mhaithe leis an tréimhse ina raibh sí i bhfeidhm?

(1) Treoir 2014/42/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 3 Aibreán 2014 maidir le hionstraimeachtaí na coireachta agus fáltais ón gcoireacht a reo agus a choigistiú san Aontas Eorpach (IO 2014 L 127, lch. 39).

(2) Cinneadh Réime 2005/212/CGB ón gComhairle an 24 Feabhra 2005 maidir le Fáltais, Ionstraimeachtaí agus Maoin a bhaineann le Coireacht a Choigistiú (IO 2005 L 68, lch. 49).

---

**Caingean arna tabhairt an 16 Nollaig 2022 — An Coimisiún Eorpach v Poblacht na Portaingéile**

**(Cás C-768/22)**

(2023/C 94/26)

*Teanga an cháis: an Phortaingéilis*

**Páirtithe**

*Iarratasóir:* An Coimisiún Eorpach (ionadaithe: L. Armati agus P. Caro de Sousa, Gníomhairí)

*Cosantóir:* Poblacht na Portaingéile